# Comhairle Contae Átha Cliath Theas

# Dréachtscéim na Gaeilge

## 2010-2012

**Dréachtscéim na Gaeilge 2010-2012**
**Comhairle Contae Átha Cliath Theas**

*Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra*

*1.1 Réamhrá agus Cúlra*

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tar éis a Scéim Teanga a ullmhú faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Ullmhaíodh an Scéim seo ag féachaint do na Treoirlínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a d'eisigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuireadh in iúl i bhfógra a foilsíodh sna nuachtáin áitiúla, ar www.sdcc.ie agus i bhfógra a scaipeadh in Áras Chrónáin, an tIonad Cultúrtha, Cluain Dolcáin i Meán Fómhair 2009, go raibh sé i gceist aici dréachtscéim a ullmhú de réir Alt 13(1)(a) den Acht.

Aithníonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas go bhfuil sé de cheart ag ár gcustaiméirí agus ag an bpobal a ngnó a dhéanamh linn sa teanga is rogha leo féin agus go ndéanfaidh muid freastal orthu más i nGaeilge nó i mBéarla sin agus iad ag déileáil linn. Is é Príomhchuspóir na Scéime Teanga seo go gcinnteofar go mbainfidh caighdeáin níos airde leis na seirbhísí poiblí a bheidh ar fáil i nGaeilge ós í an teanga náisiúnta agus céad teanga oifigiúil na tíre í. Is mian le Comhairle Contae Átha Cliath Theas cultúr dátheangach a fhorbairt agus a spreagadh ina cuid oifigí go léir ionas go n-aireoidh ár gcustaiméirí ar a gcompord agus go mbeidh sé de mhisneach acu cumarsáid a dhéanamh linn ina rogha teanga féin, mar shampla i nGaeilge nó i mBéarla.

Tá seirbhísí áirithe ann a bhfuil gach custaiméir ina dteideal de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 .i. freagra a fháil i nGaeilge ar chomhfhreagras a dhéantar i nGaeilge, foilseacháin a bheith i nGaeilge mar shampla An Tuarascáil Bhliantúil.

Tá cosaint ag na cearta seo san acht thuasluaite agus ní thugtar síos na cearta sin an athuair sa Scéim seo. Cuireann an scéim roimpi seirbhísí eile .i. i nGaeilge a fheabhsú agus tá na cinn seo thuas dlite orainn de réir dlí is cuma ann nó as í an scéim seo.

*1.2 Dáta Tosaithe na Scéime*

Is é an 16ú Deireadh Fómhair 2009 an spriocdháta atá le hullmhú na Scéime seo. Is é …. an dáta tosaithe ach dearbhú a bheith faighte ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus beidh sí i réim ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndearbhaíonn an tAire scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé ceann is luaithe.

*Caibidil 2 Forléargas ar Chontae Átha Cliath Theas*

## 2.1 *Plean Corparáideach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2010-2014*

Is iad seo a leanas na Príomhthéamaí atá i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2010-2014; Áit Chónaithe, Áit le Córas Iompair Cheangailte, Áit Ghnóthach agus Áit Chosanta. Tá An Plean Corparáideach á ullmhú agus glacfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas leis go luath sa bhliain 2010.

## 2.2 *An Áit go Fisiceach*

Is í Comhairle Contae Átha Cliath Theas atá freagrach as riarachán an chontae ina bhfuil limistéar 222.5 ciliméadar cearnach, daonra atá ag tarraingt ar 250,000 duine agus beagnach 85,000 teaghlach. Is é an dara húdarás tithíochta is mó agus an tríú húdarás áitiúil is mó sa Stát é. Téann limistéar an Chontae ó Shléibhte Chill Mhantáin ó dheas go dtí an Life ó thuaidh. Áirítear limistéir uirbeacha Thamhlachta, Chluain Dolcáin, Leamhcán, Bhaile Phámar, Theach Mealóg agus Ráth Fearnáin leis, chomh maith leis na bailte tuaithe – An Caisleán Nua, Teach Sagard, Ráth Cúil agus a gcuid cúlchríoch.

Tá pobal bríomhar Gaeilge i gContae Átha Cliath Theas a thugann tacaíocht do Ghaelscoileanna, Naíonraí agus Áras Chrónáin, an tIonad Cultúrtha. Is i gContae Átha Cliath Theas atá trí cinn de na hocht Meánscoil agus ocht gcinn de na tríocha haon bunscoil atá ag Gaelscoileanna ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.[1]

Tá rath agus an-éileamh ar na heagraíochtaí seo ós go bhfuil liostaí fada feithimh ag na Gaelscoileanna agus os cionn 50,000 duine ag dul trí Áras Chrónáin in aghaidh na bliana. Is fianaise é an rath iontach seo ar an spéis atá á léiriú ag an bpobal i nGaeilge agus ar a n-iarrachtaí chun an teanga a choinneáil breá láidir i gContae Átha Cliath Theas agus tacaíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas leis seo.

## 2.3 *Príomhphointí Teagmhála na gCustaiméirí*

[1] Gaelscoileanna, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

Tá na hocht rannóg seo a leanas i gComhairle Contae Átha Cliath Theas: Seirbhísí Comhshaoil; Seirbhísí Corparáideacha; Acmhainní Daonna agus Leabharlanna; Tithíocht, Sóisialta agus Pobal; Pleanáil Talamhúsáide, Eacnamaíoch agus Iompair, Forbairt, Pleanáil agus Bóithre; Seirbhísí Theicneolaíocht na Faisnéise; Airgeadas, Ailtireacht agus Dlí.

Is iad Halla an Chontae, Tamhlacht agus na hOifigí Cathartha i gCluain Dolcáin na príomhphointí teagmhála seirbhíse atá ag an gComhairle. Tá líonra de shé Leabharlann ar fud an chontae chomh maith.
Bíonn idirghníomhaíocht idir an Chomhairle agus raon leathan de Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Comhpháirtithe Sóisialta, Eagraíochtaí Forbartha Pobail (Comhpháirtíochtaí bunaithe sna limistéir agus Grúpaí Leader, mar shampla), Grúpaí Gnó agus Pobail, Cumainn Chónaitheoirí agus araile.

Baintear úsáid fhorleathan as an Idirlíon nuair a bhíonn an Chomhairle ag déileáil lena custaiméirí agus lucht oibre. Meán fíorthábhachtach atá ann ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge de i gContae Átha Cliath Theas.

**1.6 Comhairliúchán a Rinneadh**

Cuireadh in iúl i bhfógra a foilsíodh sna nuachtáin áitiúla, ar www.sdcc.ie agus i bhfógra a scaipeadh in Áras Chrónáin, an tIonad Cultúrtha, Cluain Dolcáin i Meán Fómhair 2009, go raibh sé i gceist aici dréachtscéim a ullmhú de réir Alt 13(1)(a) den Acht.

Cuireadh dhá aighneacht chuig Comhairle Contae Átha Cliath Theas le linn na tréimhse comhairliúcháin ón 23ú Deireadh Fómhair -21ú Samhain 2009. Féach Aguisín 1& 2

Bhain na saincheisteanna a ardaíodh leis na nithe seo a leanas, a tugadh san áireamh agus an scéim seo á cur i dtoll a chéile:

- Fógraíocht Réamhghníomhach do na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge
- Forbairt sa bhreis ar www.athclaiththeas.ie
- Go mbeadh an Lucht Oibre ar an eolas faoi na gealltanais atá tugtha sa Scéim Teanga seo.

## Caibidil 3

## Moltaí chun cur leis an Soláthar Seirbhíse i nGaeilge sa Scéim Teanga 2006-2009

### Gealltanais agus Feidhmiú Scéim na Gaeilge 2006-2009

Rinneadh obair shuntasach chun na gealltanais, maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt sa Chontae faoi Scéim na Gaeilge 2006-2009, a chur i bhfeidhm agus tá siad leagtha amach thíos. Tá na hoibleagáidí go léir chun tacaíocht a thabhairt don Ghaeilge agus don chultúr i mbealach réamhghníomhach curtha i bhfeidhm. Áirítear leis na himeachtaí a eagraíodh SnaGÁct, Seachtain na Gaeilge Átha Cliath Theas, inar fhreastail os cionn 13000 duine ar imeachtaí sa bhliain 2008 agus 2009.

Tá fáilte roimh iarratais ón bpobal trí Ghaeilge. Mar thoradh ar Scéim na Gaeilge 2006-2009 tá 33 ball fhoirne, as na rannóga go léir ábalta déileáil le custaiméirí i nGaeilge. Díobh sin, tá ar a laghad ball foirne amháin i ngach leabharlann agus sa réimse cúraim do chustaiméirí ábalta déileáil le custaiméirí i nGaeilge. Toradh is ea é seo ar an infheistíocht a rinne Comhairle Contae Átha Cliath Theas trí thacaíocht agus traenáil a chur ar fáil don fhoireann agus do chomhaltaí tofa na Comhairle.

### 3.1 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Áirítear ar na modhanna cumarsáide seo:

- Bróisiúir & Bileoga Eolais
- Foirmeacha Iarratais
- Foilseacháin
- Preaseisiúintí
- Suíomh Gréasáin
- Cumarsáid duine le duine ag ár nIonad Cúraim Chustaiméirí agus Leabharlanna
- Cuairteanna Oideachais chuig scoileanna i gContae Átha Cliath Theas

Ba iad seo a leanas na moltaí sainiúla a rinneadh chun feabhas a chur ar an réimse seo faoin gcéad Scéim:

## 3.2 Cáipéisí Scríofa

`

(i) Bróisiúir, Bileoga Eolais & Foirmeacha Iarratais

- Le Réamhrá agus Achoimre ghearr i nGaeilge i ngach foilseachán, bileog eolais agus póstaer nua chun brí an ábhair a chur in iúl.
- Tá gach Foirm Iarratais agus bileog eolais ar bith a bhaineann leo agus a sholáthraíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas i mBéarla agus i nGaeilge araon, agus le fáil i nGaeilge ar www.athcliaththeas.ie

(ii) Mórcháipéisí Beartas

- Foilsítear mórcháipéisí beartas ar ár suíomh gréasáin i mBéarla agus i nGaeilge go comhuaineach.
- Cuirtear Leagan Béarla agus Gaeilge araon de cháipéisí beartas dá leithéid ar fáil ar CD Rom.
- Cuirtear cóip chrua de cháipéisí dá leithéid ar fáil má iarrtar í.

(iii) Preaseisiúintí

- Cuirtear preaseisiúintí a bhaineann le saincheisteanna Gaeilge ar fáil go dátheangach agus scaiptear ar na meáin Ghaeilge agus Bhéarla iad go comhuaineach.

(iv) Suíomh Gréasáin na Comhairle

- Tá leathanach ar leith ar an suíomh gréasáin ar a bhfuil naisc chuig ábhar Gaeilge ar an suíomh chun cuidiú le cainteoirí Gaeilge teacht ar ábhar ábhartha.
- Tá an t-eolas atá ar an leathanach baile agus cur síos ar gach Rannóg ar fáil i nGaeilge. Tá cnaipe 'As Gaeilge' le brú chun é seo a aimsiú.

## 3.3 Cumarsáid ó bhéal

Déileálann Ionad Cúraim Chustaiméirí na Comhairle le haon cheist ghinearálta a thagann ó chustaiméirí. Is iad na rúnaithe, oibreoirí teileafóin agus póirtéirí na céad daoine a ndéanann an pobal teagmháil leo.

- Tá sé ar chumas na foirne fáiltithe/malartáin ainm an Údaráis Áitiúil a thabhairt amach i nGaeilge
- Tá cur amach acu ar na gnáthbheannachtaí Gaeilge ar a laghad, agus tá siad ábalta iarratas ar sheirbhís Ghaeilge a aithint. Tá siad ábalta custaiméirí a chur i dteagmháil le ball foirne a labhraíonn Gaeilge.
- Tá sé ar chumas na mball foirne sa Rannóg Cúraim Chustaiméirí seirbhís dhátheangach a chur ar fáil.

- Tá comhartha agus cumas cuardaigh ar an liosta foirne a bheidh ar an Inlíon a léireoidh na baill foirne a bhfuil ar a gcumas agus atá sásta déileáil leis an bpobal i nGaeilge.
- Bíonn Gaeilge in úsáid sa chur i láthair ag imeachtaí tábhachtacha poiblí mar chuid d'iarrachtaí na Comhairle an Ghaeilge a chur chun cinn go dearfach i measc an phobail.
- Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta go mbeidh an Ghaeilge le sonrú sna cuairteanna oideachais a thabharfar ar scoileanna áitiúla, chun cur le húsáid na Gaeilge agus chun an Ghaeilge a fhorbairt sa Chontae.

### 3.4 Teicneolaíocht na Faisnéise & na Cumarsáide

- Tá aon ghnáthshéanadh nó teachtaireacht ar chomhfhreagras ríomhphoist dhátheangach.
- Tá Leathanach Gaeilge don Idirlíon, Inlíon agus Membersnet ar fáil anois.
- Beidh rang simplí ar fáil ar líne ar abairleat.ie. Beidh tacaíocht ar líne le fáil ar an suíomh gréasáin seo. Beidh nasc go dtí seo ón inlíon, membersnet agus ón idirlíon. Beidh ranganna ar siúl i Leabharlann an Chontae gach seachtain.
- Tá gach foirm Ghaeilge ar fáil ar ár suíomh gréasáin i gcomhair iarratas ar líne (nuair atá an tseirbhís sin ar fáil) nó chun í a íoslódáil.
- Tá seoladh cineálach ríomhphoist i gcomhair ceisteanna Gaeilge, Gaeilge@athcliaththeas.ie. Cinnteoidh an Chomhairle go dtabharfar freagra go pras ar na ceisteanna seo.
- Tá eagraíochtaí Gaeilge agus Gaelscoileanna ábalta suíomh gréasáin a fhorbairt as Gaeilge trí úsáid a bhaint as Nascadh.
- Tá aon bhogearraí nua ríomhaireachta a cheannaíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas oiriúnach ó thaobh na teanga de.
- Tá aon chóras nua idirghníomhach oiriúnach ó thaobh na teanga de.

### 3.5 Socrúchán Foirne

- Cuirtear béim ar oilteacht i nGaeilge (idir scríobh agus labhairt) inár mbeartais inaistrithe foirne, má chabhraíonn sé chun tiomantais shonracha atá tugtha sa scéim a bhaint amach.

### 3.6 Oiliúint & Forbairt

Aithníonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas an tábhacht atá le lucht oibre dea-oilte chun a chinntiú go gcuirfear seirbhís éifeachtach fheidhmiúil ar fáil. Beidh infheistíocht shuntasach in oiliúint agus i bhforbairt i gceist leis sin.

I bhfianaise na straitéise thuas mar atá tugtha sa Phlean Corparáideach, in Acht na dTeangacha Oifigiúla agus sa Scéim seo, cinntíonn an Chomhairle na nithe seo a leanas:

- Tá spreagadh agus deiseanna á thabhairt do gach ball foirne chun feabhas a chur ar a scileanna i nGaeilge trí chúrsaí oiliúna agus forbartha agus é mar aidhm rochtain ar sholáthar seirbhíse i nGaeilge a fheabhsú.
- Tá Feasacht teanga mar chuid de na cúrsaí oiliúna ar Ionduchtú agus ar Chúram Custaiméirí araon.
- Bíonn baill foirne á lorg ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas a bheidh sásta seirbhísí i rannóga ábhartha na Comhairle a chur ar fáil i nGaeilge.
- Bíonn tacaíocht ar fáil do bhaill foirne a bhíonn sásta seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Cuirtear ar an eolas iad faoi aon traenáil, imeachtaí, bogearraí agus araile a bheadh ina gcabhair dóibh ina gcuid iarrachtaí chun seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil.
- Tá forbairt déanta ar oiliúint agus treoirlínte maidir le tiomantais na scéime seo agus tá siad ar fáil ar an lnlíon.
- Tá an Teastas Teanga Eorpach i nGaeilge á theagasc ag OÉ, Maigh Nuad i gComhairle Contae Átha Cliath Theas do bhaill foirne agus do chomhairleoirí. Bhain 120 duine úsáid as an tseirbhís seo.
- Bhí an Dioplóma i nGaeilge á theagasc ag OÉ, Maigh Nuad, i gComhairle Contae Átha Cliath Theas. D’fhreastail 13 mac léinn ar an gcúrsa dhá bliain seo.

### 3.7 Bóithre agus Comharthaíocht ar Bhóithre, Tithíocht agus infreastruchtúr

**Faoi láthair is í Comhairle Contae Átha Cliath Theas a cheadaíonn an phleanáil do gach forbairt nua sa chontae. Soláthraíonn Oifig na Gaeilge an leagan Gaeilge de gach logainm agus cláraítear an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge mar logainmneacha oifigiúla ar an Ordú Bainisteoirí.**

Thug Comhairle Contae Átha Cliath Theas faoi thionscadal chun bunachar sonraí dár mbóithre agus dár sráidainmneacha i nGaeilge a chur i dtoll a chéile.

- Rinneadh athbhreithniú ar gach comharthaíocht.
- Cuireadh liosta de na hainmneacha Gaeilge go léir atá ar chomharthaíocht logainmneacha sa chontae i dtoll a chéile.
- Cuireadh iad seo chuig Brainse na Logainmneacha de chuid na **Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta** chun iad a cheartú agus aistriúchán a dhéanamh orthu.
- Tá an bunachar sonraí ar fáil ar ár suímh Inlín agus Idirlín, www.athcliaththeas.ie agus www.sdcc.ie

- Rinneadh athsceidealú ar an gclár chun comharthaíocht chruinn a bheith crochta, agus tá sé beartaithe é a chur i bhfeidhm de réir a chéile roimh dheireadh na bliana 2015, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil. Áireofar leis an gclár seo modh oibre chun a chinntiú go mbeidh comharthaíocht nua ar bith a chrochfaidh Rannóg Bóithre Chomhairle Contae Átha Cliath Theas cruinn.
- Ceartófar gach comharthaíocht mhícheart ar bhóithre go céimneach agus beidh sin curtha i gcrích faoi dheireadh 2010.
- Tá bunachar sonraí agus leabhar Logainmneacha agus Sráidainmneacha Átha Cliath Theas foilsithe - logainmneacha agus áitainmneacha an chontae. Tá an leabhar seo le fáil ar líne agus i gcóip chrua.

### 3.8 Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Eile Gaeilge

Aithníonn agus admhaíonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas go dtugann scoileanna Gaeilge agus Gaelscoileanna i gContae Átha Cliath Theas, chomh maith le heagraíochtaí agus grúpaí eile Gaeilge a bhíonn ag feidhmiú sa chontae agus ar fud na tíre tosaíocht don teanga. Cuireadh seirbhísí i nGaeilge ar fáil do na comhlachtaí agus do na grúpaí seo le linn shaolré na scéime seo.

D'eagraigh an Chomhairle fóram bliantúil chun cur ar chumas gach duine agus grúpa leasmhar sa chontae teacht le chéile agus é mar chuspóir acu cur chun cinn na Gaeilge a chomhordú. Bhí an lá oscailte seo dírithe ar na scoileanna sa Chontae agus bhí eagraíochtaí Gaeilge i láthair chun na tacaí atá ar fáil a phlé. Déanfar an fóram seo a reáchtáil go bliantúil le linn Sheachtain na Gaeilge.

## Caibidil 4 Moltaí na Scéime maidir le cur leis an Soláthar Seirbhíse i nGaeilge i Scéim na Gaeilge 2010-2012

### Moltaí na Scéime maidir le cur leis an Soláthar Seirbhíse i nGaeilge i Scéim na Gaeilge 2010-2012 chun na gealltanais a tugadh i Scéim na Teanga 2006-2009 a fheabhsú

Chomh maith le dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh na ngealltanas a luaitear thuas, leanfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag cur leis an obair a leagadh amach faoi Scéim na Teanga 2006-2009.

- De réir mar a dhéantar www.sdcc.ie a fhorbairt, déanfar na foirmeacha a chur ar fáil sna teangacha go léir, lena n-áirítear an Ghaeilge, a bhreithniú.
- Déanfar a thuilleadh forbartha ar www.athcliaththeas. Beidh eolas statach ar na rannóga agus eolas statach ginearálta eile le fáil i nGaeilge faoi dheireadh na scéime.
- Beidh comhfhiontar idir Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Áras Chrónáin, Ionad Cultúrtha ar mhaithe le Gaeilge i nGnó, www.ging.ie a fhorbairt, chun comhlachtaí agus grúpaí pobail áitiúla a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid agus í a bheith le feiceáil ar chomharthaíocht sa Chontae. Beidh an tionscnamh seo ar bun roimh dheireadh 2010.

- Déanfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas fógraíocht go bhfuil seirbhísí ar fáil i nGaeilge tríd ár bhfoilseacháin. Cuirfear fógraí i nGaeilge ag na bealaí isteach poiblí.

- Forbróidh Leabharlanna Átha Cliath Theas suíomh idirlín Gaeilge a bheidh ar fáil ó www.southdublinlibraries.ie agus beidh eolas statach ar fáil ó www.southdublinlibraries.ie

- Beidh suíomh SOURCE, cartlann dhigiteach ar líne, ar fáil i nGaeilge, ar an suíomh Béarla agus beidh eolas statach ón suíomh Béarla ar fáil air.

- Beidh Catalóg na Leabharlann i gContae Átha Cliath Theas ar fáil i nGaeilge i ngach leabharlann agus ar líne ag www.athclaiththeas.ie

- Beidh pointí féinseirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus Béarla, ag brath ar bhogearraí agus an teicneolaíocht. Beidh an tseirbhís seo ar fáil i leabharlann an Chontae ar dtús agus sna leabharlanna eile dé réir a chéile.

- Réiteoidh agus scaipfidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas eolas faoi na gealltanais a tugadh faoi Scéim na Gaeilge ar an idirlíon.

## Caibidil 5

## Monatóireacht, Athbhreithniú & Foilsiú na Scéime comhaontaithe

### 4.1 Monatóireacht & Athbhreithniú

Déanfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas athbhreithniú ar fheidhmiú éifeachtúil na scéime seo go bliantúil. Ullmhóidh an tOifigeach Gaeilge tuarascáil ar an dul chun cinn agus foilseofar é i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Átha Cliath Theas go bliantúil.

### 4.2 Foilsiú na Scéime Comhaontaithe

Cuirfear ábhar na scéime seo os comhair an phobail i gcoitinne trí:-

- ♦ Preaseisiúint
- ♦ Seoladh Oifigiúil
- ♦ Foilseofar cóip bhog ar Idirlíon na Comhairle, ar an Inlíon, ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne agus ar shuíomh Membersnet.
- ♦ Forálacha a fhógairt
- ♦ Í a scaipeadh ar ghníomhaireachtaí cuí, comhlachtaí pobail agus daoine aonair a chuir aighneacht chugainn
- ♦ Cuirfear cóip bhog den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.